



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 580 de 2021



AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (BAILTE SEIRBHÍSE  
GAELTACHTA A AINMNIÚ) 2021

I.R. Uimh. 580 de 2021

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (BAILTE SEIRBHÍSE  
GAELTACHTA A AINMNIÚ) 2021

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 9(1) d’Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú) 2020 (I.R. Uimh. 403 de 2020)) agus an tOrdú Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2020 (I.R. Uimh. 547 de 2020), déanaimse, Jack Chambers, Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Bailte Seirbhíse Gaeltachta a Ainmniú), 2021 a ghairm den Ordú seo.

2. Ainmnítear baile a shonraítear sa Sceideal mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta críocha alt 9(1) d’Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

SCEIDEAL

**Baile Seirbhíse Gaeltachta: Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí**

(1) An baile seo a leanas: Daingean Uí Chúis

**Baile Seirbhíse Gaeltachta: Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall**

(1) An baile seo a leanas: Leitir Ceanainn

**Baile Seirbhíse Gaeltachta: Cathair na Gaillimhe, Co. na Gaillimhe**

(1) An baile seo a leanas: Cathair na Gaillimhe

Arna thabhairt faoi mo lámh,  
13 Deireadh Fómhair 2021.

JACK CHAMBERS,

Aire Stáit ag an Roinn Tuarasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

*Official Translation / Tiontú Oifigiúil*



STATUTORY INSTRUMENTS.

**S.I. No. 580 of 2021**



GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT SERVICE  
TOWNS) ORDER 2021

*Official Translation / Tiontú Oifigiúil*

S.I. No. 580 of 2021

GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT SERVICE  
TOWNS) ORDER 2021

I, JACK CHAMBERS, Minister of State at the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, in exercise of the powers conferred on me by section 9(1) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012) (as adapted by the Culture, Heritage and the Gaeltacht (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order 2020 (S.I. No. 403 of 2020)) and the Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (Delegation of Ministerial Functions) Order 2020 (S.I. No. 547 of 2020), hereby order as follows:

1. This Order may be cited as the Gaeltacht Act 2012 (Designation of Gaeltacht Service Towns) Order 2021.
2. A town specified in the Schedule is designated to be a Gaeltacht Service Town for the purposes of section 9(1) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012).

SCHEDULE

**Gaeltacht Service Town: Daingean Uí Chúis, Co. Kerry**

(1) The following town: Daingean Uí Chúis

**Gaeltacht Service Town: Letterkenny, Co. Donegal**

(1) The following town: Letterkenny

**Gaeltacht Service Town: Galway City, Co. Galway**

(1) The following town: Galway City

GIVEN under my hand,  
13 October 2021

JACK CHAMBERS,

Minister of State at the Department of Tourism, Culture, Arts,  
Gaeltacht, Sport and Media.

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,  
D02 DR67.

Teil: 076 110 6834  
r-phost: publications@opw.ie

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2,  
D02 DR67.

Tel: 076 110 6834  
E-mail: publications@opw.ie

---

€3.00

